

PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA DON OIDEACHAS

2017

Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn Ráite 2



AN BHOINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA
DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Réamhrá

Leagann an Plean Gníomhaíochta don Oideachas 2016-2019 amach ár Ráiteas Straitéise ina bhfuil sprioc ardleibhéil ann leis an seirbhís oideachais is fearr san Eoraip a dhéanamh de sheirbhís oideachais agus oiliúna na hÉireann faoin mbliain 2026.

I mí Feabhra na bliana seo, d'fhoilsigh muid ár bPlean Gníomhaíochta le haghaidh 2017. Ag teacht ó straitéis agus plean 2016-2019, leagann an Plean Gníomhaíochta bliantúla amach thar 400 gníomh dírithe go sonrach ar ár spriocanna a bhaint amach chun:

1. Feabhas a chur ar an eispéireas foghlama agus rath na bhfoghlaimoirí
2. Feabhas a chur ar dhul chun cinn foghlaimoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais nó foghlaimoirí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu
3. Cabhrú leo siúd a thugann seirbhísí oideachais feabhas a chur orthu féin go leanúnach
4. Droichid níos láidre a thógáil idir oideachas agus an pobal i gcoitinne
5. Feabhas a chur ar sheirbhísí náisiúnta pleanála agus tacaíochta

Is ionann an Plean Gníomhaíochta don Oideachas 2017 agus an clár suntasach um athchóiriú straitéiseach atá ar bun san oideachas agus oiliúint agus aithníonn sé an tábhacht atá le feidhmeanna gnó ríthábhachtacha chun leanúnachas gnó agus caighdeán seirbhíse a chinntiú dár bpáirtithe leasmhara go léir.

Tá muid ag feidhmiú i dtimpeallacht dhúshlánach chasta, múnlaíthe ach go háirithe ag athruithe eacnamaíochta, sóisialta, teicneolaíochta, cultúrtha agus déimeagrafacha. Tá rún daingean againn cur chuige comhairliúcháin ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm ár bpolasaithe a bheith againn. Is léiriú iad na gníomhartha ar na tionchair seo agus ar chastacht agus ar ilchineálacht na gcóras oideachais agus oiliúna in Éirinn, chomh maith leis na dúshláin agus na ceisteanna atá bainte leis na hearnálacha éagsúla mar atá na luathbhlianta, an bhunscolaíocht agus an iar-bhunscolaíocht agus breisoideachas agus ardoideachas agus Oiliúint. Áirítear sraith táscairí agus spriocanna le monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt i dtreo baint amach na dtorthaí agus na spriocanna. Tá obair ag dul chun cinn ar fhorbairt bhreise na dtáscairí cuí agus bearta le monatóireacht a dhéanamh ar thionchar agus ar thorthaí.

Is é seo an dara tuairisc ar dhul chun cinn Phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2017. Tugtar achoimre ar an dul chun cinn atá déanta ar na gníomhartha agus fo-ghníomhartha atá le soláthar le linn an dara ráithe i 2017 agus leanann sé foilsiú an chéad tuairisce ar dhul chun cinn do 2017 i Mí Aibreáin. Cuirtear sonraí ar fáil maidir leis an méid a baineadh amach le linn na tréimhse seo, chomh maith le tuairisc suas chun dáta a chur ar fáil áit a ndearnadh dul chun cinn suntasach sa tuairisc, ach léiríonn sé áit ar bith a bhí gá leis an spriocdháta a choigeartú i ndiaidh ráithe 2.

Léargas Ginearálta

Bearta atá le seachadadh faoi dheireadh ráithe 2 2017

Bhí 72 beart agus fo-bheart sa phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2017 le seachadadh faoi dheireadh ráithe 2, tá 55 beart agus fo-bheart bainte amach as seo ag tabhairt ráta críochnaithe de 76.4%. Chomh maith leis sin, tá 15 beart agus fo-bheart tugtha ar aghaidh ó ráithe 1 agus 7 bainte amach. Ar an iomlán, leis na 87 beart agus fo-bheart, tá 62 acu bainte amach, ag tabhairt ráta críochnaithe de 71.3%. Tá roinnt beart agus fo-bheart breise bainte amach, ach le héifeacht cumarsáide an méid atá bainte amach a uasmhéadú, déanfar na fógraí agus na foilseacháin chuí tar éis fhoilsiú thuairisc dul chun cinn ráithe 2. Ní áirítear na bearta agus na fo-bhearta breise seo sa ráta críochnaithe 71.3%.

Ar na bearta atá bainte amach le linn ráithe 2 den phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2017, áirítear:

Sprioc 1: Eispéireas foghlama agus rath na bhfoghlaimoirí a fheabhsú

- An chéad scrúdú ar an mBéarla sa tsraith shóisearach, tús curtha leis an gcéad cur i bhfeidhm den chreat nua don tSraith Shóisearach
- Straitéis Dhigiteach do Scoileanna – Plean Gnímh 2017 seolta, dírithe ar phoitínseal na teicneolaíochta digiteacha a uasmhéadú sa seomra ranga
- Tús curtha le ceapachán 10 síceolaí oideachais do 2017 do na scoileanna DEIS
- An Chéad bhabhta den ghné fhorbairt ghairmiúil leanúnach Aistear de chuid an tionscnamh Náisiúnta Síolta/Aistear, seachadta do 350 cleachtóir, ag tacú le cleachtóirí i seoladh an chreata Aistear, creat curaclaim do shuíomh na luathbhlianta
- Foilsíodh suirbhé Scileanna saoil 2015, ag tabhairt eolais ar cén bealach a fhreastalaíonn bunscoileanna agus iarbhunscoileanna ar fholláine a gcuid daltaí

Sprioc 2: Feabhas a chur ar dhul chun cinn na bhfoghlaimoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais nó na bhfoghlaimoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

- Tús curtha leis an bpróiseas Aitheantais Scoileanna Gaeltachta, a bhfuil sé mar aidhm aige oideachas cuí d'ard chaighdeán, trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil do dhaoine óga sna scoileanna Gaeltachta
- Athbhreithniú den Chiste do Mhic Léinn atá faoi Mhíchumas curtha i gcrích agus an tuairisc déanta
- Tuairisc ar na baic atá le rannpháirtíocht i mBreisoideachas agus Oilíúint (FET) foilsithe i Meitheamh, a bhfuil sé mar aidhm aici comhionannas deiseanna agus rochtana ar FET a chinntiú agus cothrom na Féinne a thabhairt d' fhoghlaimoirí.
- Gairm tograí faoin gClár don Rochtain ar an Ardoideachas (PATH) Snáithe 2 foghraithe, ag iarraidh oibriú go díreach le pobail atá faoi míbhuntáiste, le tairbhí an ardoideachais a chur chun cinn.

Sprioc 3: Cuidiú leo siúd atá ag soláthar seirbhísí oideachais feabhsú go leanúnach

- “Ag Dearbhú Cothromaíochta” (Soláthar Múinteoirí in Éirinn: Tuairisc Ghrúpa Oibre Teicniúla) foilsithe, cuireann an tuairisc anailís ar fáil ar líon na múinteoirí atá de dhíth ar an gcóras scoile
- Tosaíodh obair i dtreo phlean lucht saothair a chruthú do dhaoine ag obair sna luathbhlianta leis an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí ag tabhairt faoi bheart pleanála don lucht saothair

Sprioc 4: Droichid níos láidre a thógáil idir oideachas agus an pobal níos leithne

- Dara fhógra ag an gComhairle Phrintíseachta le haghaidh moltaí nua printíseachta fógartha mar chuid den phlean chun líon na gclárúchán ar phrintíseachtaí bliantúla agus ar chúrsaí oiliúna a mhéadú níos mó ná faoi dhó chuig 14,000 faoi 2020
- 6,471 áiteanna saoire ardoideachais seolta faoi Springboard+, agus cúrsaí dírithe ar chuardaitheoirí poist agus orthu siúd atá fostaithe nó féinfhostaithe ar mhian leo uas-sciliú, athsciliú nó tras-sciliú
- Tús curtha le cur i bhfeidhm phlean oibre An Comhairle Náisiúnta Scileanna, seolta go foirmiúil in Aibreán 2017
- Prótacal athbhreithnithe le cinntiú nach ndúnfar aon scoil bheag in éadan mhian na dtuismitheoirí curtha i gcrích agus foilsithe ar shuíomh idirlín na Roinne
- Eagraíodh Lá Náisiúnta Thairseach na nEalaíon san Oideachas i mí na Bealtaine, ag tacú le cur i bhfeidhm Chairt na nEalaíon san Oideachas ag soláthar agus ag cur oideachas sna healaíona chun cinn do pháistí agus do dhaoine óga

Spríoc 5: Feabhas a chur ar sheirbhísí náisiúnta pleanála agus tacaíochta

- Torthaí an phróisis comhairliúcháin poiblí a rinneadh maidir leis an Meicníocht Infheistíochta Státchiste-Fostóir a bhí molta d'Ardoideachas (HE) agus do Bhreisoideachas agus Oiliúint (FET) foilsithe
- Athbhreithniú de chritéir agus de threoirlínte an Bhoird Achomharc um Iompar Scoile curtha i gcrích agus an tuairisc críochnaithe, de réir tiomantais Chláir an Rialtas
- Ceangail socraithe i 40 Príomhoifig Bhord Oideachais agus Oiliúna/Fo-oifigí agus Ionaid Oiliúna chuig soláthraí líonra amháin, ag éascú nascacht idir oifigí agus comhaontuithe don todhchaí le haghaidh seirbhísí atá bainteach leis, mar shampla VOIP
- Straitéis Náisiúnta um Lóistín do Mhic Léinn curtha i gcrích, a leagann creat leathan amach do sheachadadh leibhéal feabhsaithe lóistín agus a chuireann straitéisí an údaráis áitiúla agus an próiseas bainistíochta talún in iúl, chun suíomhanna cuí atá inacmhainne a sholáthar.
- Chuaigh feabhsú ar an mBunachar Sonraí Ar Líne do Bhunscoileanna le réamh-rollaithe a éascú beo i Meitheamh 2017, ag tógáil ar fheidhmiúlacht an Bhunachar Sonraí Ar Líne do Bhunscoileanna a dhéanann monatóireacht ar dhul chun cinn na ndaltaí tríd an gcóras oideachais bunscoile agus ar aghaidh go dtí an iarbhunscoil.
- Lárionad Barr Feabhais de Sheirbhísí Comhroinnte Dleathacha chun tacú le hearnáil an BOO bunaithe.

Cuimsíonn príomhfhorbairtí eile le linn an dara ráithe ná:

- 438 scoil le €47 milliúin a fháil le haghaidh obair fheabhsúcháin riachtanacha
- Cur chuige i dtreo reiligiúin a bhaint mar chritéir den phróiseas iontrála leagtha amach
- Scéim Sparánachta don Oideachas Ceoil €100,000 seolta d'fhonn cuidiú le 29 tionscnamh pobail a oibríonn le páistí agus daoine óga ar fud na tíre
- An chéad aistriú de phátrúnacht scoile, an chéad athchumraíocht faoi na pleananna athchumraíochta scoile fógartha i Mí Eanáir, dírithe ar 400 scoil neamh-shainchreidmheach agus ilchreidmheach a sheachadadh faoi 2030
- Uasdátú aontaithe de 'Théarmaí agus Coinníollacha Fostaíochta do Mhúinteoirí Cláraithe i mBunscoileanna agus Iarscoileanna Aitheanta' foilsithe
- Clár Iarcheimí Athbhreithnithe fógartha, dírithe ar mhic léinn neamh-LEE ag staidéar in Éirinn – príomhghníomh le luach oideachais idirnáisiúnta a mhéadú go dtí €2.1 Billiúin
- 975 cuntóir Sainriachtanais bhreise curtha ar fáil do leithdháileadh chuig scoileanna le linn an tréimhse Meán Fómhair go Nollaig 2017, méadú 7.5%, le freastal ar leibhéal an éilimh measta
- Tionscadal iarbhunscoile €30m i Maigh Nuad, an t-aon tionsadal infreastruchtúir is mó maoinithe ag an Stát go dtí seo
- €8 milliúin chun tacú le cláir phrintíseachta in institiúidí teicneolaíochta
- Maoiniú caipitil de €343,000 le haghaidh Coláiste San Aingeal, Sligeach d'fhonn tacú leis an gColáiste tabhairt faoi fheabhsúcháin riachtanacha infreastruchtúir thar míonna an tsamhraidh.

TÁBLA GNÍOMHARTHA

Sprioc 1: Eispéireas foghlama agus rath na bhfoghlaimeoirí a fheabhsú

Cuspóir 1.1

Feabhas a chur ar sheirbhísí agus acmhainní chun folláine a chur chun cinn inár bpobail scoile d'fhonn tacú leis an rath ar scoil agus sa saol

Gníomhartha agus foghníomhartha	Gníomhartha agus foghníomhartha le haghaidh Ráithe 2	Bainte amach/ Gan bheith bainte amach	Nóta Tráchtá
5	Méadú ar leithdháileadh ama SNSO ar scoileanna DEIS i gcomhréir le plean SNSO forbartha do sheachadadh seirbhíse tosaíochta. Cuirfidh sé seo feabhas ar na tacaí do scoileanna chun idirbheartaíochtaí a chur i bhfeidhm ag leibhéal coisctheach agus luathdirghabhála, chomh maith lena chinntiú go mbeidh rochtain ag na daltaí sin, a bhfuil riachtanais chasta atá ag teacht chun cinn acu, ar thacaíocht ó shíceolaí oideachais.		
	5.1 Tús a chur le 10 síceolaí oideachais breise a cheapadh do 2017.	Bainte amach	
8	SNSO agus an Chigireacht le prótacal a fhorbairt chun tacú leis na scoileanna uile Plean Bainistíochta do Theagmhais Chriticiúla a bheith ar bun acu.	Bainte amach	
11	Suirbhé 2015 ar Scileanna Saoil a fhoilsiú, a thugann eolas faoin gcaoi ina ndéanann bunscoileanna agus iarbhunscoileanna freastal ar fholláine a scoláirí.	Bainte amach	
13	Tacú le tionscnaimh feasachta frithbhulaíochta trí thacú le forbairt agus rolladh amach ábhar oiliúna frithbhulaíochta do thuismitheoirí, múinteoirí agus boird bhainistíochta.		
	13.2 Tús a chur le hoiliúint i dtaca le Straitéisí Idirghabhála agus Cleachtais Aisiríochta do mhúinteoirí ag leibhéal na bunscoile.	Bainte amach	
	13.3 Paca leasaithe Bí Sábháilte a dháileadh ar scoileanna, le clár tacaíochta a ghabhann leis.	Bainte amach	
	13.4 Tuarascáil taighde a fhoilsiú i dtaca le meastóireacht théamach ar bhulaíocht.	Bainte amach	

Cuspóir 1.2

“Móráthru” a sholáthar i bhforbairt scileanna, eolais agus inniúlachtaí ríthábhachtacha chun an bunús a sholáthar do rannpháirtíocht san obair agus sa tsochaí

Gníomhartha agus foghníomhartha	Gníomhartha agus foghníomhartha le haghaidh Ráithe 2	Bainte amach/ Gan bheith bainte amach	Nóta Tráchtá
15	Acmhainní curaclaim a sholáthar i suíomhanna luathbhlianta chun spreagadh a thabhairt do rolladh amach Aistear, creat curaclaim atá		

		ceaptha le leanaí a ghabháil san fhoghlaim faoi fhéiniúlacht agus muintearas, taiscéalaíocht agus smaointeoireacht, folláine agus cumarsáid a dhéanamh ar bhealach taitneamhach agus dúshlánach. Tugtar treoirlínte sa Chreat freisin maidir le tacú le foghlaim leanaí trí chomhpháirtíochtaí le tuismitheoirí.		
	15.2	An chéad bhabhta (píolótach) de ghné FGL Aistear den tionscnamh náisiúnta Síolta/Aistear a sholáthar idir Feabhra-Meitheamh 2017. Seachadann 25 meantóir 10 n-uair an chloig an duine de FGL chuig 14 cleachtóir i limistéir geografacha éagsúla - mar sin bainfidh suas le 350 cleachtóir leas as an oiliúint seo sa chéim phíolótach.	Bainte amach	
18		Ábhair agus cúrsaí nua a thabhairt isteach agus a chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe.		
	18.2	Obair a thosú, trí CNCM, le líonra scoileanna ar shamplaí den dea-chleachtas i réimse ORC agus Eitic a bhailiú agus a chomhroinnt.	Bainte amach	
	18.4	An chéad scrúdú ar na sonraíochtaí nua sa Bhéarla don tSraith Shóisearach.	Bainte amach	
20		Sonraíochtaí nua a chur i gcrích agus a chur i bhfeidhm d'ábhair Ardteistiméireachta: Eacnamaíocht, Ealaíon, Mata Fheidhmeach, Eolaíocht Talmhaíochta agus Corpoideachas.		
	20.1	Tús a chur le hathbhreithniú agus nuashonrú teoranta ar an siollabas d'Ealaín na hArdteistiméireachta, le cur i gcrích in 2018.	Bainte amach	
22		I ndiaidh fhoilsiú na tuarascála ón nGrúpa Athbhreithnithe um Oideachas ETIM i Samhain na bliana 2016, dul chun cinn a dhéanamh ar straitéis a fhorbairt chun inniúlacht a mhéadú san Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Mata (ETIM) agus targaidí a shocrú don líon a ghlacann leo.		
	22.3	Maidir leis an moladh sa tuarascáil ETIM chun tacú leis na hábhar muinteoírí uile san oiliúint tosaigh múinteoirí (ITE) i dtógáil a gcuid eolais faoin ábhar agus a gcuid eolais faoin ábhar oideolaíochta san eolaíocht, matamaitic, innealtóireacht agus teicneolaíocht mar chuid de phunann ghairmiúil níos leithne de shaineolas agus gníomhartha gaolmhara, é sin a chur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta chun a dtuairimí a fháil.	Bainte amach	
	22.4	Ráiteas Beartais náisiúnta comhtháite um Oideachas ETIM a chruthú le hionchur ó, agus ábharthacht do, na páirtithe leasmhara go léir thar chontanam an oideachais in Éirinn (bunscoile, iarbhunscoile agus tríú leibhéal).	Gan bheith bainte amach	Ráiteas Beartais náisiúnta comhtháite um Oideachas ETIM curtha ar athláb le mbeidh athbhreithniú sásúil déanta ar fhreagraí leathan an phróisis chomhairliúcháin.
	22.5	Plean forfheidhmithe mionsonraithe a chruthú don Ráiteas Beartais Náisiúnta um Oideachas	Gan bheith bainte amach	Cuirfear plean forfheidhmithe

		ETIM agus freagrachtaí agus amlínte léirithe go soiléir ann.		mionsonraithe chun cinn de réir an Ráiteas Beartais Náisiúnta um Oideachas ETIM.
	22.6	ROS le haiseolas a sholáthar faoin dréachtshonraíocht ábhair tosaigh do Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta mar atá curtha i láthair ag CNCM.	Bainte amach	

Cuspóir 1.5

Feabhas a chur ar úsáid TFC sa teagasc, foghlaim agus measúnú sa chaoi is go bhfuil foghlaimeoirí feistithe leis na scileanna riachtanacha chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le timpeallacht foghlama atá ag athrú go tapa

Gníomhartha agus foghníomhartha	Gníomhartha agus foghníomhartha le haghaidh Ráithe 2	Bainte amach/ Gan bheith bainte amach	Nóta Tráichta	
29	An Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015 - 2020 a chur i bhfeidhm chun feabhas a chur ar theagasc, foghlaim & measúnú agus pleananna forfheidhmithe bliantúla a fhorbairt lena chinntiú gur féidir lenár seirbhísí sa réimse seo freagairt de shíor don dea-chleachtas agus teicneolaíochtaí atá ag athrú. Féachann an Straitéis le lánacmhainneacht na dteicneolaíochtaí digiteacha a chomhlíonadh chun feabhas a chur ar theagasc, foghlaim agus measúnú sa chaoi is go ndéantar smaointeoirí páirteacha, foghlaimeoirí gníomhacha, cruthaitheoirí faisnéise agus saoránaigh dhomhanda de dhaoine óga na hÉireann chun páirt a ghlacadh go hiomlán sa tsochaí agus sa gheilleagar.			
	29.2	Plean forfheidhmithe don Straitéis Dhigiteach a chruthú agus a mholadh (briste síos in aghaidh na ráithe) do 2017.	Bainte amach	
30	Grúpa oibre a bhunú chun a chinneadh cén bealach is fearr le soláthar a dhéanamh don leathanbhanda ardluais do bhunscoileanna i gcomhar le DCCAÉ i gcomhthéacs an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda agus na Straitéise Idirghabhála. Forbróidh an grúpa oibre an fráma ama, i gcomhthéacs rolladh amach an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda.	Bainte amach		
31	Obair le SOLAS chun an Straitéis d'Fhoghlaim Fheabhsaithe le Teicneolaíocht sa Bhreisoideachais agus Oiliúint 2016-2019 a chur i bhfeidhm, trí na gníomhartha a luaitear thíos. Sa Straitéis, leagtar amach 18 ngníomh praiticiúil, amlínte agus táscairí feidhmíochta a ghabhann leo chun forbairt a dhéanamh ar an gcumas agus dea-chleachtas atá ann cheana san foghlaim atá feabhsaithe ag an teicneolaíocht, agus rochtain a leathnú ar sholáthar Breisoideachais agus Oiliúna agus é a			

		fheabhsú agus nuálaíocht a dhéanamh ann go leanúnach.		
	31.1	Infreastruchtúr um chomhroinnt inneachair agus bainistíocht a fhorbairt chun cuidiú le hacmhainní foghlama a chomhroinnt agus a fhorbairt i measc na muinteoírí uile.	Gan bheith bainte amach	Tá moill curtha ar an bpróiseas tairisceana seo mar gheall ar chur i gcrích phróiseas tairisceana níos leithne d'infreastruchtúr TF. Is é R1 2018 an spriocdháta nua lena chur i gcrích.
	31.2	Polasaí Beir Leat do Ghléas Féin (BYOD) a fhorbairt i ngach BOO.	Bainte amach	
	31.3	Bonnlíne 2016 a bhunú den soláthar oideachais feabhsaithe le teicneolaíocht i ngach BOO ag baint úsáid as gníomh tagarmharcála comhroinnte.	Gan bheith bainte amach	Agus tástáil phiólótach ag teacht chun deiridh ar 2 BOO (CMETB & DDLETB) atá ar siúl faoi láthair, moltar an gníomh tagarmharcála a chónascadh le gníomh R4 chun plean gníomhaíochta don fhoghlaim atá feabhsaithe le teicneolaíocht a fhorbairt laistigh de gach BOO.

Cuspóir 1.6

Cur ar chumas na bhfoghlaimeoirí cumarsáid a dhéanamh go héifeachtúil agus feabhas a chur ar a gcaighdeán inniúlachta i dteangacha

Gníomhartha agus foghníomhartha	Gníomhartha agus foghníomhartha le haghaidh Ráithe 2	Bainte amach/ Gan bheith bainte amach	Nóta Tráchta
34	An Straitéis don Oideachas Gaeltachta a chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe.		
	34.2 Socruithe don phróiseas um aitheantas ar scoileanna Gaeltachta a fhoilsiú.	Bainte amach	
36	Straitéis na dTeangacha Iasachta san Oideachas a chur i bhfeidhm agus tuairisciú ar an dul chun cinn.		
	36.1 Straitéis na dTeangacha Iasachta san Oideachas a fhoilsiú.	Gan bheith bainte amach	Tá dréacht de Straitéis na dTeangacha Iasachta san Oideachas beagnach i gcrích. Cuirfear an Straitéis i gcrích le cur faoi bhráid an Aire.

Sprioc 2: Feabhas a chur ar dhul chun cinn na bhfoghlaimoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais nó na bhfoghlaimoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

Cuspóir 2.1

Feabhas a chur ar an eispéireas foghlama agus ar na torthaí foghlama d'fhoghlaimoirí atá thíos le míbhuntáiste

Gníomhartha agus foghníomhartha	Gníomhartha agus foghníomhartha le haghaidh Ráithe 2	Bainte amach/ Gan bheith bainte amach	Nóta Tráchta
40	Snáitheanna den Phlean Náisiúnta um Chothromas Rochtana ar an Ardoideachas a chur i bhfeidhm, sa chaoi is go mbíonn an t-ardoideachas níos ionadaí ar an daonra i gcoitinne.		
	40.1 Athbhreithniú a dhéanamh ar Chiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumais san Ardoideachas	Bainte amach	
41	Glaó ar bhearta a eisiúint chun dul i dteagmháil go díreach le pobail faoi míbhuntáiste chun buntáistí an ardoideachais a chur chun cinn.	Bainte amach	
42	Tuarascáil a ullmhú i dtaca leis na bacanna ar thuismitheoirí aonair ag rochtain an ardoideachais, agus moltaí na tuarascála a fhoilsiú roimh Bhuiséad 2017.		
	42.1 Tuarascáil a fhoilsiú i dtaca leis na bacanna ar thuismitheoirí aonair ag rochtain an ardoideachais.	Gan bheith bainte amach	Tá an tuarascáil i dtaca leis na bacanna ar thuismitheoirí aonair ag rochtain an ardoideachais curtha i gcrích anois agus le foilsiú i R3.
45	Cinntiú a dhéanamh de go bhfuil Breisoideachas agus Oiliúint ag freastal ar riachtanais shainiúla na ndaoine dífhostaithe agus na ngrúpaí eile atá thíos le míbhuntáiste:		
	45.1 Taighde a fhoilsiú ar bhacanna rannpháirtíocht sa Bhreisoideachas agus Oiliúint, le béim ar leith ar dhaoine dífhostaithe agus grúpaí eile faoi míbhuntáiste.	Bainte amach	
	45.2 Targaidí a shocrú do rannpháirtíocht ag daoine dífhostaithe ag leibhéal cláir agus BOO trí Phleananna Seirbhíse 2017 a chomhaontú.	Bainte amach	Tá réamh-mheastachán do rannpháirtíocht ar chlár BOO leagtha amach i bPlean Seirbhíse BOO. Glacadh cinneadh gan targaidí do dhaoine dífhostaithe a chur san áireamh mar gheall ar fheabhsú sa staid eacnamaíochta.
46	Athbhreithniú a choimisiúnú ar an gClár Youthreach.		
	46.1 Sonrú tairisceana a fhoilsiú do Mheasúnú YR.	Bainte amach	

Sprioc 3: Cuidiú leo siúd atá ag soláthar seirbhísí oideachais chun feabhsú go leanúnach

Cuspóir 3.1

Méadú ar cháilíocht na Luathbhlianta chun eispéireas foghlama níos fearr a sholáthar do leanaí óga

Gníomhartha agus foghníomhartha	Gníomhartha agus foghníomhartha le haghaidh Ráithe 2	Bainte amach/ Gan bheith bainte amach	Nóta Tráchtá
54	Tacú le Cur i bhFeidhm Síolta an Creat Náisiúnta Cáilíochta agus Aistear, an creat curaclaim luathbhlianta.		
54.3	Dul i gcomhairle le pearsanra an Túis Luath chun Oiliúint agus FGL oiriúnach de chuid Síolta agus Aistear a phleanáil agus a dhearadh do mhúinteoirí agus do chúntóirí cúram leanaí laistigh de na cláir seo.	Bainte amach	
56	Tacú le forbairt an lucht oibre laistigh d'earnáil na Luathbhlianta.		
56.3	Comhoibriú a dhéanamh leis an RLGÓ chun próiseas a chur i bhfeidhm le plean lucht oibre a fhorbairt do lucht oibre na Luathbhlianta.	Bainte amach	
57	Clár náisiúnta de Chigireachtaí dírithe ar an Oideachas Luathbhlianta - (EYEI'anna) a chur i bhfeidhm ina gcuirfear comhairle ar fáil agus tacaíocht d'fheabhsú forásach sna caighdeáin, ceannaireacht agus sna modheolaíochtaí teagaisc le haghaidh níos mó ná 4,000 suíomh luathbhlianta a chuireann an clár ECCE ar fáil.		
57.1	Athbhreithniú a dhéanamh ar an samhail OLBC, i gcomhairle le hearnáil na Luathbhlianta.	Bainte amach	

Cuspóir 3.2

Contanam an oideachais do mhúinteoirí a fheabhsú chun múinteoirí a fheistiú leis na scileanna cearta don teagasc agus don fhoghlaim san 21ú haois agus feabhas a chur ar cheannaireacht scoile

Gníomhartha agus foghníomhartha	Gníomhartha agus foghníomhartha le haghaidh Ráithe 2	Bainte amach/ Gan bheith bainte amach	Nóta Tráchtá
58	Cíoradh agus foilsiú a dhéanamh ar thuarascáil an Ghrúpa Teicniúil ar Sholáthar Múinteoirí agus scrúdú a dhéanamh ar na gníomhartha atá riachtanach leis na moltaí a chur i bhfeidhm.	Bainte amach	
59	Leanúint den athchóiriú ar oiliúint tosaigh múinteoirí (OTM) agus ionduchtú múinteoirí.		
59.1	Na critéir iontrála leasaithe do na cláir um oiliúint tosaigh múinteoirí a fhoilsiú.	Gan bheith bainte amach	Tá an tuarascáil ar chritéir iontrála leasaithe do na cláir um oiliúint tosaigh múinteoirí curtha i gcrích anois agus le foilsiú i R3.
63	Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar ár cláir Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) agus a n-eagrú		

	63.1	Clár gníomhartha a leagan amach don fhorbairt bhreise ar ár gclár FGL agus a n-eagrú, ag féachaint do na nithe seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> • na roghanna i dtaca leis an samhail dhlíthiúil agus na feidhmeanna féideartha de lárionad feabhais le bunú a tabharfaidh léargas ginearálta do na tacaí don fheabhsú scoile agus d'fhorbairt ghairmiúil na múinteoirí, lena náirítear an taighde, an dea-chleachtas idirnáisiúnta a aithint agus meastóireacht ar na modhanna soláthair agus na torthaí. • Féidearthacht agus acmhainn na mBord Oideachais agus Oiliúna le bheith mar mhoil réigiúnacha leis na cláir náisiúnta agus seirbhísí don FGL a mhaoiniú agus a chur ar fáil do mhúinteoirí, lena n-áirítear athruithe curaclaim agus tacaí do scoileanna. • Sainmhíniú as an nua a dhéanamh ar shainchúram lárnach na nIonad Tacaíochta Oideachais le bheith mar sholáthraithe deiseanna forbartha gairmiúla go háitiúil, go nuálach agus go cruthaitheach. 	Gan bheith bainte amach	Tá staidreamh scóipe á ullmhú a théann i ngleic le roinnt réimsí. Tá comhchainteanna ar FGL le socrú sular féidir clár gníomhaíochtaí a leagadh amach i R3.
	63.2	Dul chun cinn a dhéanamh ag déanamh rialachán i dtaca le Lárionaid Tacaíochta Oideachais.	Bainte amach	
64		Tacaíocht ghairmiúil thiomnaithe a chur ar fáil do mhúinteoirí chun tacú le cur i bhfeidhm na n-athruithe curaclaim agus beartais.		
	64.1	Scrúdú agus pleanáil a dhéanamh le FGL a chur ar fáil chun tacú le cur i bhfeidhm na dTreoirínte um Tús Áite do Leanáí.	Bainte amach	

Cuspóir 3.4

Eispéiris foghlama d'ardchaighdeáin a chur chun cinn sa Bhreisoideachas agus Oiliúint agus san Ardoideachas

Gníomhartha agus foghníomhartha	Gníomhartha agus foghníomhartha le haghaidh Ráithe 2	Bainte amach/ Gan bheith bainte amach	Nóta Tráchtá
75	Tús a chur le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gcáilíocht san Ardoideachas. Tá scrúdú á dhéanamh faoi láthair ar na saincheisteanna atá le clúdach san athbhreithniú, agus an cur chuige beartaithe atá le glacadh, d'fhonn tús a chur leis an athbhreithniú i R1.	Gan bheith bainte amach	Tá dréacht-pháipéar comhairliúcháin ar hathbhreithniú cáilíochta san Ardoideachas á chur i gcrích agus próiseas poiblí comhairliúcháin le tosú i R3.
79	Feabhas a chur ar thionchar na scéimeanna PLC, VTOS agus BTEI, trí athbhreithniú a dhéanamh ar gach clár, an t-athbhreithniú a fhoilsiú, agus pleananna forfheidhmithe a bhfuil amhláir leo a leagan amach.		
79.1	Na torthaí agus moltaí ón meastóireacht ar an Iar-Ardteistiméireacht (PLC) a fhoilsiú.	Gan bheith bainte amach	Tá an tuarascáil ar mheastóireacht ar an Iar-Ardteistiméireacht (PLC) curtha i gcrích agus le foilsiú i R3.

80		An t-athbhreithniú ar an bhfóram Náisiúnta um Fheabhsú an Teagaisc agus na Foghlama san Ardoideachas a chur i gcrích. Úsáideann an Fóram saineolas agus ionchuir ó gach réimse in earnáil an Ardoideachais ag obair chun an dea-chleachtas a leathnú agus a mhúnlú sna hinstitiúidí uile.	Bainte amach	
	80.1	Athbhreithniú ar an bhfóram Náisiúnta um Fheabhsú an Teagaisc agus na Foghlama san Ardoideachas a fhoilsiú ina bhfuil plean le cur i bhfeidhm a leagann amach sceideal agus targaidí do na gníomhartha comhaontaithe.	Gan bheith bainte amach	Tá bord an HEA le cinneadh a dhéanamh mar gheall ar ghníomhaíochtaí molta bainte leis an tuarascáil i R3.
	80.2	Moltaí ón athbhreithniú ar an bhFóram Náisiúnta um Fheabhsú an Teagaisc agus na Foghlama san Ardoideachas a chur i bhfeidhm.	Gan bheith bainte amach	Tá bord an HEA le cinneadh a dhéanamh mar gheall ar ghníomhaíochtaí molta bainte leis an tuarascáil i R3.

Sprioc 4: Droichid níos láidre a thógáil idir oideachas agus an pobal níos leithne

Cuspóir 4.1

Méadú ar dheiseanna do scoileanna tacú lena bpobail áitiúla trí úsáid a bhaint as foirgnimh agus áiseanna scoile lasmuigh d'uaireanta scoile

Gníomhartha agus foghníomhartha	Gníomhartha agus foghníomhartha le haghaidh Ráithe 2	Bainte amach/ Gan bheith bainte amach	Nóta Tráchtá
82	Tús a chur le cur i bhfeidhm ghníomhartha an ROS ag eascairt as an bPlean Gníomhaíochta idir-rannach um Chúram Leanaí ar Aois Scoile.	Bainte amach	
83	Treoirlínte a fhorbairt maidir le foirgnimh scoile a úsáid lasmuigh d'uaireanta scoile, agus caidreamh a dhéanamh le húinéirí réadmhaoine agus údaráis scoile chun úsáid mhéadaithe na bhfoirgneamh scoile a éascú áit inar féidir é a dhéanamh.	Gan bheith bainte amach	Tá na treoirlínte maidir le foirgnimh scoile a úsáid lasmuigh d'uaireanta scoile curtha ii gcrích anois agus le foilsíú i R3.

Cuspóir 4.2

Ról na dtuismitheoirí agus na scoláirí a neartú, agus dul chun cinn a sholáthar i dtaca le rogha scoile níos mó a chur ar fáil

Gníomhartha agus foghníomhartha	Gníomhartha agus foghníomhartha le haghaidh Ráithe 2	Bainte amach/ Gan bheith bainte amach	Nóta Tráchtá
84	Nós imeachta agus cairt gearán níos láidre do thuismitheoirí agus scoláirí a thabhairt isteach.		
84.1	Tá Scéim Ghinearálta an Bhille Oideachais (Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí) 2016 curtha faoi bhráid an Oireachtas le himscrúdú réamhrechtach a dhéanamh air. Braitheann an dáta a chuirtear an t-imscrúdú réamhrechtach i gcrích ar sceideal Choiste an Oireachtais. Táthar ag súil go mbeidh an t-imscrúdú curtha i gcrích sa chéad leath den bhliain le go mbeifí in ann faomhadh an Rialtais a lorg leis an mBille a dhréachtú.	Gan bheith bainte amach	Tá Scéim Ghinearálta an Bhille Oideachais (Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí) 2016 curtha faoi bhráid an Oireachtas le himscrúdú réamhrechtach a dhéanamh air. Táthar ag dúil go bhfoilsoidh An Comhchoiste um Oideachas agus Scileanna a thuarascáil tar éis a chéad chruinniú eile atá le bheith ann mall i R3.
87	400 scoil il-shainchreidmheacha/ neamh-shainchreidmheacha a bhunú.		
87.5	Próiseas a fhorbairt leis na héileamh ar an éagsúlacht leis na BOOanna agus an RLGÓ a aithint.	Bainte amach	
87.6	Creat tuairiscithe a bhunú leis na BOOanna le tuairisceáin a dhéanamh chuig an Roinn d'athchumrú scoileanna don éagsúlacht.	Bainte amach	
89	Dul siar ar phrótacail lena chinntiú nach ndúnann scoil bheag in éadan tola na dtuismitheoirí agus na cónascthaí a éascú áit ina bhfuil siad inmhianaithe.		

	89.1	Prótacal a chur i gcrích lena chinntiú nach ndúnann scoil bheag in éadan tola na dtuismitheoirí chun scríobh chuig pátrúin, ag iarraidh orthu tús a chur le plé áitiúil le dul i ngleic leis na saincheisteanna inbhuanaitheachta amach anseo.	Bainte amach	
--	-------------	--	--------------	--

Cuspóir 4.3

Feabhas a chur ar ár gcumas le riachtanais scileanna náisiúnta agus réigiúnach a shásamh

Gníomhartha agus foghníomhartha	Gníomhartha agus foghníomhartha le haghaidh Ráithe 2	Bainte amach/ Gan bheith bainte amach	Nóta Tráchtá
90	Freagraí nuálacha do na bearnaí scileanna a fhorbairt i réimsí príomhthosaíochta an gheilleagair: TFC, teicneolaíochtaí agus an bhithchógaisíocht ina measc.		
	90.2 Tús a chur le clár píolótach de thairseach sonraí nua.	Bainte amach	
91	An Chomhairle Náisiúnta Scileanna a bhunú, a úsáidfidh na sonraí ar na riachtanais scileanna chun dul i ngleic go réamhghníomhach ar na bearnaí scileanna atá ag teacht chun cinn, agus sainordú athbhreithnithe a fhorbairt don Sainghrúpa um Riachtanais Scileanna sa Toghcháin.		
	91.3 Clár Oibre don Chomhairle Náisiúnta Scileanna a chomhaontú agus a fhoilsiú.	Bainte amach	
	91.4 Tús a chur leis an gClár Oibre den Chomhairle Náisiúnta Scileanna a chur i bhfeidhm.	Bainte amach	
95	Creat nua um Fheidhmíocht Córas a fhorbairt don Ardoideachas ar feadh na tréimhse go dtí 2021.	Gan bheith bainte amach	Tá dréacht de Chreat nua um Fheidhmíocht Córas a fhorbairt don Ardoideachas ar feadh na tréimhse go dtí 2021 beagnach i gcrích. Beidh an Creat tugtha chun críche le cur faoi bhráid an Aire agus na n-airí rialtais i R3.
96	Pleananna Seirbhíse Bliantúla 2017 a chomhaontú idir SOLAS agus na BOOanna agus monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn i gcoinne na sprice cáilíochta agus feidhmíochta comhaontaithe. Sna pleananna seo beidh na hionchuir, aschuir agus torthaí atá réamh-mheasta.	Bainte amach	
97	Athbhreithniú a chur i gcrích ar Phlean náisiúnta reatha Gníomhaíochta Scileanna TFC 2014 - 2018 agus an plean athbhreithnithe a fhoilsiú.		

	97.1	Plean athbhreithnithe a fhoilsiú chun freastal ar an éileamh ar chéimithe TFC atá ag méadú don soláthar intíre chun na riachtanais scileanna de chúrsaí fiontair a chomhlíonadh trí thionscnaimh phríomhshrutha agus spriocdhírthe lena n-áirítear Springboard+.	Gan bheith bainte amach	Tá obair a cur chun cinn ar an bPlean athbhreithnithe d'fhonn é a chur faoi bhráid an Rialtais le faomhadh faoi dheireadh 2017.
--	-------------	--	-------------------------	---

Cuspóir 4.4

Éagsúlacht níos mó de dhiseanna foghlama amuigh ón scoil a chruthú

Gníomhartha agus foghníomhartha	Gníomhartha agus foghníomhartha le haghaidh Ráithe 2	Bainte amach/ Gan bheith bainte amach	Nóta Tráchtá	
98	Na córais printíseachta agus cúrsaí oiliúna a láidriú trí fheabhas a chur ar raon na gcúrsaí agus líon na n-áiteanna do scoláirí a mhéadú; targaidí an Rialtais de bhreis agus 100 scéim printíseachta a bhaint amach, agus targaid charnach de 50,000 clárúchán printíseachta agus cúrsaí oiliúna go 2020. Is ionann é seo agus iomlán de 31,000 clárúchán printíseachta agus 19,000 i gcúrsaí oiliúna thar na tréimhse go dtí 2020. Bheadh meán bliantúil i gceist de 6,000 printíseacht agus 4,000 ar chúrsaí oiliúna.			
	98.3	An dara gairm a eisiúint do thograí printíseachta ó chuibhreannais d'fhostóirí agus de sholáthraithe oideachais agus oiliúna.	Bainte amach	
99	Leanúint ar aghaidh ag comhoibriú le Skillnets leis an oiliúint fhiontarthreoraithe a sholáthar agus leanúint ar aghaidh agus samhail a fhorbairt i gcomhréir le Ráiteas Straitéise 2016-2019 de chuid Skillnets. Rinneadh an straitéis a fhorbairt le bheith ag teacht go dlúth leis an Straitéis Náisiúnta Scileanna (SNS) agus riachtanais cúrsaí fiontair. Bunóidh Skillnets cúig líonra nua in 2017 chomh maith leis an 63 líonra atá ann cheana féin ina mbeidh 43,000 fostaí suas ó 40,000 a bhí ann in 2016. Cuirfidh Skillnets le forbairt na líonraí nua trí chomhoibriú a dhéanamh leis na líonraí atá ann cheana féin chun feabhas a chur ar a gcumas.			
	99.1	Oifig Bainistíochta Chlár Skillnets a bhunú atá freagrach as Ráiteas Straitéise 2016-19 de chuid Skillnets a chur i bhfeidhm agus a rialú agus acmhainní a chur ar fáil di.	Bainte amach	
100	Creat beartais Breisoideachais agus Oiliúna d'Fhorbairt Fostaithe a fhoilsiú chun tacú le forbairt scileanna dóibh siúd atá fostaithe, i gcomhairliúchán leis na comhpháirtithe, atá ag teacht leis an Straitéis Náisiúnta Scileanna.			
	100.1	Creat beartais Breisoideachais agus Oiliúna d'Fhorbairt Fostaithe agus an plean cur i bhfeidhm a bhaineann leis a fhoilsiú. Is é aidhm an chreata gníomhaíochtaí Breisoideachais agus	Gan bheith bainte amach	Tá dréacht déanta den Chreat beartais Breisoideachais agus Oiliúna d'Fhorbairt

		Oiliúna a dhéantar san earnáil Breisoideachais agus Oiliúna a threorú chun tacú le forbairt fostaithe in Éirinn agus ionchur a bheith aige sna cuspóirí d'fhorbairt an lucht oibre agus don fhoghlaim ar feadh an tsaoil mar atá leagtha amach i Straitéis Náisiúnta Scileanna 2025. San áireamh anseo tá an targaí maidir leis an leibhéal rannpháirtíochta dóibh siúd atá idir 25 agus 64 bliana d'aois san fhoghlaim ar feadh an tsaoil a mhéadú faoi 10% faoi 2020.		Fostaithe i gcomhar le páirtithe leasmhara. Tá dréacht déanta ar phlean tosaíochtaí polasaithe agus ar chur i bhfeidhm an phlean don tréimhse 2017-2021. Tar éis an phróisis fhaofa, táthar ag dúil lena fhoilsiú go luath i R3.
101		Éagsúlacht níos fearr de dheiseanna foghlama a chruthú atá amuigh níos faide ná an scoil trí na gairmeacha iomaíochta do chúrsaí Springboard+.		
	101.1	Rolladh amach Springboard+ 2017.	Bainte amach	

Cuspóir 4.5

Feabhas a chur ar an tacaíocht d'fhoghlaimoirí chun roghanna gairme oilte a dhéanamh

Gníomhartha agus foghníomhartha	Gníomhartha agus foghníomhartha le haghaidh Ráithe 2	Bainte amach/ Gan bheith bainte amach	Nóta Tráchtá
104	Athbhreithniú a dhéanamh ar na seirbhísí treorach, uirlisí agus faisnéis gairme do scoláirí agus daoine fásta agus moltaí a dhéanamh chun feabhas a chur ar sheirbhísí.		
	104.1	Scóipeáil a dhéanamh ar mhéid an athbhreithnithe ar sheirbhísí treorach.	Bainte amach

Cuspóir 4.6**Fócas níos láidre a chruthú ar Fhiontraíocht, Cruthaitheacht agus Nuálaíocht**

Gníomhartha agus foghníomhartha	Gníomhartha agus foghníomhartha le haghaidh Ráithe 2	Bainte amach/ Gan bheith bainte amach	Nóta Tráchtá
105	Tagarmharcáil a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí fiontraíochta san Ardoideachas chun comhoibriú leis an HEAS leis an plean uailmhianach agus atáthar in ann a chur i bhfeidhm a chinntiú leis na bearnaí scileanna, TFC agus riachtanais STEM a aithint agus le dul i ngleic leo.		
105.1	An tuarascáil HEInnovate ar an bhFiontraíocht san Ardoideachas a chur i gcrích agus a chur i bhfeidhm.	Bainte amach	
105.2	Creat nua um Fheidhmíocht Córas don Ardoideachas don tréimhse 2017 - 2021 a fhorbairt.	Féach gníomh 95	
106	Ráiteas beartais um Oideachas Fiontraíochta a fhorbairt agus a fhoilsiú.	Gan bheith bainte amach	Tá obair leanúnach ar Ráiteas beartais um Oideachas Fiontraíochta ar siúl agus í a bheith curtha i gcrích faoi dheireadh 2017.
108	An Chairt Ealaíon san Oideachas a chur i bhfeidhm, ag brath ar Mhaoiniú ó Chuntas Neamhfheidhmithe a tharraingt anuas.		
108.2	Lá Náisiúnta agus Comhdháil na nEalaíon san Oideachas a sheachadadh.	Bainte amach	

Cuspóir 4.7**Líon na dtaighdeoirí a mhéadú, clár maoinithe a chur ar bun do Thaighde Teorann chun cur ar chumas na chéad ghlúine eile de thaighdeoirí aistriú go stádas Príomhthaighdeora agus tionscnaimh a fhorbairt chun taighdeoirí den scoth a mhealladh, go háirithe i gcomhthéacs an Bhreathimeachta**

Gníomhartha agus foghníomhartha	Gníomhartha agus foghníomhartha le haghaidh Ráithe 2	Bainte amach/ Gan bheith bainte amach	Nóta Tráchtá
111	Cuirfidh Clár Comhaltachta Iardhochtúireachta Marie SkłodowskaCurie de chuid an IRC (CAROLINE - Comhaltachtaí Taighde Comhoibríocha don Eoraip Fhreagrach agus Nuálach) an deis ar fáil do 50 taighdeoir (thar dhá ghairm) Comhaltachtaí um shoghluaisteacht taighde agus forbairt gairme a fháil.		
111.1	Dámhachtainí a dhéanamh faoi Scéim CAROLINE (an chéad ghairm)	Bainte amach	

112		Straitéis a fhorbairt chun taighdeoirí domhanda den scoth a mhealladh go hÉirinn i gcomhthéacs an Bhreiteimeachta. Féadfaidh an straitéis seo dámhachtana breise a áireamh á maoiniú ag an Comhairle Taighde na hÉireann do thaighdeoirí nó lucht acadúil a athlonnaíonn.		
	112.1	Straitéis a fhorbairt agus a fhoilsiú chun taighdeoirí domhanda den scoth a mhealladh go hÉirinn i gcomhthéacs an Bhreiteimeachta	Gan bheith bainte amach	Tá obair leanúnach ar siúl ag Acadamh Ríoga na hÉireann (RIA) maidir le forbairt straitéise chun taighdeoirí domhanda den scoth a mhealladh go hÉirinn i gcomhthéacs an Bhreiteimeachta, le comhairliúchán breise le bheith ar siúl ag deireadh R2. Táthar ag dúil le tuarascáil ó RIA i R3.
	112.2	Tosú ar ghníomhartha a eascraíonn ón straitéis a chur i bhfeidhm chun taighdeoirí domhanda den scoth a mhealladh go hÉirinn i gcomhthéacs an Bhreiteimeachta.	Gan bheith bainte amach	Cuirfear tús le gníomhartha a eascraíonn ón straitéis a chur i bhfeidhm chun taighdeoirí domhanda den scoth a mhealladh go hÉirinn i gcomhthéacs an Bhreiteimeachta tar éis fhoilsiú na straitéise i R3.

Sprioc 5: Feabhas a chur ar sheirbhísí náisiúnta pleanála agus tacaíochta

Cuspóir 5.1

Maoirseacht straitéiseach a threisiú agus díriú ar sheachadadh chun torthaí

Gníomhartha agus foghníomhartha	Gníomhartha agus foghníomhartha le haghaidh Ráithe 2	Bainte amach/ Gan bheith bainte amach	Nóta Tráchtá
115	Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an “Plean Gníomhaíochta d’Oideachas agus Scileanna 2016-2019”, agus measúnú a dhéanamh ar na dúshláin atá le teacht le bheith mar an tseirbhís oideachais agus oiliúna is fearr san Eoraip.		
115.3	Tuairisc ar dhul chun cinn R1 ar chur i bhfeidhm “Plean Gníomhaíochta don Oideachas 2017” a fhoilsiú.	Bainte amach	
116	Feabhas a chur ar chumas beartais straitéisigh, maoirseacht, meastóireacht ar chláir agus beartas, rialachas agus struchtúir bainistíochta cláir agus tionscnaimh chun tiomantais i dtaca le hathchóiriú ar fud sheirbhís poiblí an Rialtais a chomhlíonadh, le tuairisciú ar na tiomantais san IRDP agus sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta, i gcomhréir leis an deachleachtas idirnáisiúnta.		
116.1	Tograí a fhorbairt le feabhas chur ar struchtúir na Roinne chun feabhsuithe a bhaint amach ina gcumas beartais straitéisigh, maoirseacht, meastóireacht ar chláir agus beartas, rialachas agus struchtúir bainistíochta cláir agus tionscnaimh.	Bainte amach	
116.2	Plean Seachadta Athchóirithe Comhtháite 2017 (IRDP) a fhorbairt, bunaithe ar Phlean Athchóirithe nua na Seirbhíse Poiblí 2017-2020.	Bainte amach	Níl Plean Athchóirithe nua na Seirbhíse Poiblí go 2020 foilsithe fós. Tá a plean athchóirithe foilsithe ag an Roinn mar chuid bhunúsach den Phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2017.
117	Treo straitéiseach níos fearr a sholáthar i rialachas, bainistíocht agus úsáid sonraí de chuid na Roinne.		
117.3	Acmhainn an Mhapa Sonraí Oideachais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.	Bainte amach	
118	Athbhreithniú a dhéanamh ar an samhail maoinithe ardoideachais (Samhail um Leithdháileadh Deontas Athfillteach) le bheith mar bhonn eolais an tseachadta ar fud na hearnála.		
118.1	Athbhreithniú a chur i gcrích ar samhail maoinithe ardoideachais le bheith mar bhonn	Gan bheith bainte amach	Tá HEA leis an tuarascáil dheirdh ar an samhail

		eolais an tseachadta ar fud na hearnála agus feabhas a chur ar dhul chun cinn ar spriocanna an Phlean Gníomhaíochta seo.		maoinithe ardoideachais a phlé sula gcuirtear faoi bhráid an ROS í. Beidh an t-athbhreithniú críochnaithe i R3.
	118.2	Beidh samhail maoinithe ardoideachais nua i bhfeidhm do chionroinnt bhuiséad 2018.	Gan bheith bainte amach	Tá cur i bhfeidhm samhail maoinithe ardoideachais ag brath ar an tuarascáil a bheith tugtha chun críche ag an HEA.
119		Moltaí i dtuairisc an tSainghrúpa um Mhaoiniú Todhchaí san Ardoideachas a bhaineann le hathbhreithniú ar an tsamhail mhaoinithe a chur i gcrích, mar a moladh i dTuarascáil Cassells. Áireofar leis seo athchóiriú ar an tsamhail mhaoinithe chun tacú le huailmhianta fáis agus an cumas le targaidí áirithe a shroicheadh i dtaca le bearnaí scileanna, rochtain do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste agus tionchar níos láidre ar an nuálaíocht.	Bainte amach	
120		Athbhreithniú beartais a fógraíodh i mBuiséad 2017 a fhoilsiú, agus mar aidhm aige mar aidhm aige samhail maoinithe ilbhliantúil inbhuanaithe agus intuartha don ardoideachas agus don bhreis oideachas agus oiliúint a dhearadh agus a chur i bhfeidhm ina bhfuil ranníocaíochtaí méadaithe ó Fhostóirí agus ón Státchiste i gceist ó 2018 ar aghaidh. Beidh an t-athbhreithniú ag teacht leis an obair leanúnach atá ar siúl ag Coiste an Oireachtais i leith thuarascáil Cassells agus beidh sé mar chuid de phróiseas buiséadach 2018.	Bainte amach	

Cuspóir 5.2

Infreastruchtúr cuí a sholáthar do thimpeallachtaí foghlama

Gníomhartha agus foghníomhartha	Gníomhartha agus foghníomhartha le haghaidh Ráithe 2	Bainte amach/ Gan bheith bainte amach	Nóta Tráichta	
127	Leanúint ar aghaidh leis an infheistíocht caipitil san Ardoideachas.			
	127.1	Bronnadh an chonartha a bhaint amach agus tús a chur leis an gcéim tógála de thionscadal PPP Ghráinseach Ghormáin.	Gan bheith bainte amach	Tá céimeanna riachtanacha á dtógáil le bronnadh conartha a bhaint amach. I mbliana atá an spriocdháta do bhronnadh an chonartha.
128	Straitéis náisiúnta cóiríochta do scoláirí a fhoilsiú, ina leagfar amach creat leathan le leibhéal feabhsaithe cóiríochta atá le seachadadh a chuirfidh leis na straitéisí um thithíocht na n-údarás áitiúil agus próiseas	Bainte amach		

		bainistíochta na talún i gcoitinne, d'fhonn láithreacha atá lonnaithe go feiliúnach agus inacmhainne a chur ar fáil.		
--	--	---	--	--

Cuspóir 5.3

Feabhas a chur ar cháilíocht na seirbhísí tacaíochta náisiúnta agus seirbhísí comhroinnte

Gníomhartha agus foghníomhartha	Gníomhartha agus foghníomhartha le haghaidh Ráithe 2	Bainte amach/ Gan bheith bainte amach	Nóta Tráchtá
129	Córais bhainistíochta ROS a láidriú trí sheirbhísí comhroinnte.		
129.1	Cás gnó a ullmhú d'uasghrádú fheidhmeanna Párolla agus Pinsin na Roinne chuig caighdeán seirbhís comhroinnte chun éifeachtaí suntasacha a thabhairt agus torthaí níos fearr don Roinn agus custaiméirí.	Bainte amach	
131	Feabhas a chur ar cháilíocht na seirbhísí ar fud na hearnála trí sheirbhísí comhroinnte a thabhairt isteach, i gcomhréir leis an bPlean Seirbhísí Comhroinnte.		
131.1	Ceannoifigí agus ionaid oiliúna na mBOOanna a nascadh le haon soláthraí líonra amháin, Government Networks, a cheadaíonn nascacht idir oifigí agus comhaontuithe sa todhchaí do sheirbhísí gaolta, amhail VOIP. Díriú ar 25 Ceannoifig/fo-oifig agus 19 Ionad Oiliúna BOO bainte le Government Networks.	Bainte amach	
132	Tacú le rolladh amach Aonad Tacaíochta na Seirbhísí Airgeadais don earnáil bunscoileanna.		
132.2	Treoir a fhorbairt do bhunscoileanna maidir le cúrsaí airgeadais lena n-áirítear formáid náisiúnta chaighdeánaithe do chuntais scoile.	Bainte amach	
134	Cur i bhfeidhm céimnithe de na seirbhísí comhroinnte do na BOOanna a thosú.		
134.1	Lárionad Barr Feabhais de Sheirbhísí Comhroinnte Dleathacha a bhunú chun tacú le hearnáil an BOO.	Bainte amach	
136	Plean a fhorbairt chun tacú leis an gcomtháthú leanúnach agus chur é a chur ar a chumas ar fud earnáil an BOO agus ullmhúchán a dhéanamh do na seirbhísí comhroinnte a bheidh ag teacht.	Bainte amach	
137	Leas a bhaint as inniúlachtaí na dTeicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) ar mhaithe le haonaid ghnó agus custaiméirí na Roinne.		
137.2	Áis réamhrollaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar an mBunachar Sonraí Bunscoileanna Ar Líne.	Bainte amach	
137.3	Iarratas ar Achomhairc Iompair Scoile ar líne a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.	Gan bheith bainte amach	Tar éis plé a dhéanamh leis An Roinn Coimirce Sóisialaí agus Oifig Príomhoifig Eolais an Rialtais, bainfear úsáid as

				an gCárta Seirbhís Poiblí/MyGovID le húsáideoirí a dhearbhu ar iarratas An Bhoird Achomharc um Iompar Scoile. Mar gheall ar an bplé seo agus an fhorbairt bhreise atá de dhíth, tá moill ar an sceideal. Tá an fhorbairt ag leanúint ar aghaidh le bheith ar líne beo faoi R4.
	137.4	Ríomhaighneachtaí (eSubmissions) a d'fhorbair Príomhoifigeach Faisnéise d'Oifig an Rialtais (POFOR) a chur i bhfeidhm, faoin snáithe Tóg le Comhroinnt de Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí.	Bainte amach	
138		Seirbhísí iompair scoile atá sábháilte, éifeachtach agus costéifeachtúil a chur ar fáil do leanáí incháilithe.		
	138.1	Athbhreithniú a dhéanamh ar na critéir agus treoirlínte don Bhord Achomhairc Iompair Scoile.	Bainte amach	
140		Bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar Acmhainní Daonna na Roinne.		
	140.3	Monatóireacht a dhéanamh ar an mBainistíocht Feidhmíochta ar fud na Roinne agus Tuarascáil Bhliantúil a chur ar fáil maidir leis an mBainistíocht Feidhmíochta don RCPA.	Bainte amach	
142		Feabhas a chur ar na próisis ghnó trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht Sé Shigme Barainneacha um Fheabhsú ar Phróiseas Gnó.		
	142.2	Céim 1 d'Iompar Scoile - tionscadal um Fheabhsú ar Phróiseas Gnó i dtaca le Deontas Ceantair Iargúlta - a chur i gcrích agus tús a chur le Céim 2.	Bainte amach	
143		Bainistiú a dhéanamh ar chlár chómhainithe de chuid an AE agus leas a bhaint as deiseanna cómhainithe.		
	143.3	Na hÚdaráis Bainistíochta agus Deimhnithe a ainmniú don Chlár um Infhostaitheacht, Chuimsiú agus Fhoghlaim 2014-2016 (PEIL) arna chómhainiú ag an AE tríd an CSE agus an YEI.	Gan bheith bainte amach	Tá eolas tugtha don Údarás Maoirseachta le cur ar a chumas a thuairisc agus a thuairim a ullmhú ar chomhlíonadh an Údaráis Bhainistíochta agus Dheimhniúcháin ar na riachtanais rialála ábhartha le ceapadh a éascú. Táthar ag súil le cinneadh ón Údarás Maoirseachta i R3.
144		Freagairt na Roinne don éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ag an mBreatimeacht ar ár gcóras oideachais a fhorbairt agus do sheachadadh an		

		Phlean Ghníomhaíochta don Oideachas 2016-2019.		
	144.2	A chinntiú go bhfuil tosaíochtaí oideachais curtha san áireamh san idirbheartaíocht idir Rialtas na hÉireann agus an AE/ Ríocht Aontaithe.	Bainte amach	
145		Feabhas a chur ar chaighdeán na seirbhísí do chustaiméirí laistigh den Roinn.		
	145.1	Athbhreithniú a dhéanamh ar Chairt Chustaiméirí na Roinne d'fhonn feabhas a chur ar chaighdeán na hidirghníomhaíochta idir an Roinn agus a páirtithe leasmhara.	Bainte amach	